



## BEARTAS COMHARSANACHTA NA HEORPA

Tá feidhm ag Beartas Comharsanachta na hEorpa maidir leis an Ailgéir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Éigipt, an tSeoirsia, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, an Mholdóiv, Maracó, an Phalaistín, an tSiria, an Túinéis agus an Úcráin. Tá sé mar aidhm aige rathúnas, cobhsaíocht agus slándáil a neartú iontu go léir. Tá sé bunaithe ar dhaonlathas, ar an smacht reachta agus ar an urraim do chearta an duine. Is beartas déthaobhach é idir an tAontas Eorpach agus gach tír chomhpháirteach, agus tá tionscnaimh um chomhar réigiúnach aige: Comhpháirtíocht an Oirthir agus an tAontas don Réigiún Meánmhuir<sup>[1]</sup>.

### BUNÚS DLÍ

- Airteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;
- Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (gníomhaíocht sheachtrach);
- Airteagail 206-207 (trádáil) agus Airteagail 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA

Faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE), cuireann an tAontas Eorpach caidreamh pribhléideach ar fáil dá chomharsana, ag cur leis an tiomantas frithpháirteach i leith luachanna is coiteann dóibh (an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta, dea-rialachas, prionsabail an gheilleagair margaidh agus an fhorbairt inbhuanaithe). Tá comhordú polaitiúil agus lánpháirtiú eacnamaíoch níos doimhne, soghluaisteacht mhéadaithe agus teagmháil duine le duine san áireamh faoi BCE. Braitheann leibhéal uailmhéine an chaidrimh ar a mhéid atá na luachanna sin á gcomhroinnt acu. Fanann BCE uathúil ón bpróiseas méadaithe, cé nach dtugann sé réamhbhreithiúnas ar an gcaoi a d'fhéadfadh an caidreamh idir tíortha comharsanacha agus an tAontas forbairt amach anseo. In 2011, rinne AE athbhreithniú ar BCE agus chun freagairt don fhorbairt sna tíortha Arabacha, neartaigh sé a fhócas maidir le daonlathas domhain agus inbhuanaithe agus le forbairt eacnamaíoch chuimsitheach a chur chun cinn. Is éard atá i gceist le daonlathas domhain agus inbhuanaithe ná toghcháin shaora agus chóra, iarrachtaí chun an éilliú a chomhrac, neamhspleáchas na mbreithiúna, rialú daonlathach ar na fórsaí armtha, agus saoirsí cainte, comhthionóil agus comhlachais. Leag AE béim ar an ról atá ag an tsochaí shibhialta sa phróiseas

[1]Le haghaidh eolas faoi chaidreamh déthaobhach idir an Aontas Eorpach agus Comhpháirtithe an Oirthir agus Comhpháirtithe don Réigiún Meánmhuir, féach na Bileoga Eolais maidir leis na topaicí sin ([5.5.5](#); [5.5.6](#) agus [5.5.7](#)).



agus thug sé an prionsabal “tuilleann breis tuilleadh” isteach, ar dá réir a fhorbraíonn an tAontas comhpháirtíochtaí níos láidre leis na comharsana a dhéanann níos mó foráis i dtreo athchóiriú daonlathach. I Márta 2015, chuir an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) tús le próiseas comhairliúcháin d’athbhreithniú nua ar BCE. Príomhfheidhm amháin atá aige ná uirlisí an bheartais a oiriúnú ionas go gcuirfí mianta sonracha na dtíortha comhpháirtíochta san áireamh ar bhealach níos fearr. Sa chomhthéacs seo, ghlac Parlaimint na hEorpa rúin ar an 9 Iúil 2015 ag soiléiriú gur gá do BCE a bheith níos straitéisí, níos dírí, níos solúbtha agus níos comhleanúnaí. Rinneadh teachtaireacht ó SEGS agus ón gCoimisiún ar an dóigh sin, agus é bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin, a chur i láthair an 11 Samhain 2015.

An 18 Bealtaine 2017, d’fhoilsigh SEGS agus an Coimisiún [tuarascáil ar chur chun feidhme](#) athbhreithniú BCE. Leis an tuarascáil, soiléiríodh cur chuige níos solúbtha agus níos íogaire a léirigh an tAontas ina chomhar le comhpháirtithe BCE agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní. An 27 Márta 2019, [rith an Pharlaimint rún maidir le cúrsaí i ndiaidh an Earraigh Arabaigh agus an bealach chun cinn i gcomhair réigiún MENA](#), inár aithníodh roinnt tairbhí daonlathacha sa réigiún ach inár iarradh go mbeadh athchóirithe breise ann i réimse na heacnamaíochta, i réimse an daonlathais agus sa réimse sóisialta.

## IONSTRAIMÍ

Cuireann BCE leis na comhaontaithe dlíthiúla atá i bhfeidhm idir an tAontas agus a chomhpháirtithe — Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) agus, le déanaí, Comhaontuithe Comhlachais (CC).

Tá na pleananna gníomhaíochta déthaobhacha agus na tosaíochtaí comhpháirtíochta atá curtha ar bun idir AE agus an chuid is mó de na tíortha comhpháirtíochta lárnach do BCE. Bunaíonn siad sin clár oibre d’athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch le tosaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha (3-5 bliana). Is léiriú iad na pleananna gníomhaíochta agus na tosaíochtaí comhpháirtíochta atá ag BCE cad iad na riachtanais, na leasanna agus na hacmhainneachtaí atá ag AE agus ag gach comhpháirtí. Tá sé mar aidhm leo sochaithe atá cothrom ó thaobh cúrsaí sóisialta de, agus atá cuimsitheach agus daonlathach, a fhorbairt ionas go bhféadfar lánpháirtíú eacnamaíoch a chur chun cinn agus go bhféadfar soghluaisteacht trasteorann daoine a fheabhsú.

Tugann an tAontas tacaíocht a chuidíonn le cuspóirí BCE a chomhlíonadh trí thacaíocht airgeadais agus trí chomhar polaitiúil agus teicniúil chomh maith. Seachadtar na cistí den chuid is mó tríd an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI), agus tá leithdháileadh de EUR 15.4 billiúin don tréimhse 2014-2020 ann. Baintear úsáid as ionstraimí agus clár eile chun BCE a mhaoiniú, amhail an tSaoráid um Shochaí Shibhialta. Tugann an Coimisiún tacaíocht airgeadais freisin i bhfoirm deontas do chomhpháirtithe. Comhlánaítear an tacaíocht sin trí iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

Sa bhreis air sin, forbraíodh ionstraimí nua faoi BCE chun rochtain ar mhargaí a chur chun cinn, go háirithe trí chaibidlíocht ar Chomhaontuithe Saorthrádála



Doimhne agus Cuimsitheacha (DCFTAnna), agus chun gluaiseacht agus bainistiú imirceach a fheabhsú. Dá réir sin, tairgeadh agus tugadh i gcrích comhpháirtíochtaí soghluaisteachta, eisiúint víosaí agus léirscaoileadh víosaí le comhpháirtithe áirithe, ina theannta sin, seoladh ionstraim airgeadais thiomnaithe in 2016 ar a dtugtar [an tSaoráid Comhpháirtíochta Soghluaisteachta](#). Sa réigiún Theas, tá roinnt tionscnamh réigiúnach agus déthaobhach maidir le himirce agus soghluaisteacht á gcistiú faoi [Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic](#)/Afraic Thuaidh.

Cé gur ceapadh BCE mar thacar ionstraimí chomhbheartais, lena gceadaítear don Aontas a bheartas a chur in oiriúint agus a “dhifreáil” de réir sainiúlachtaí gach comhpháirtí.

Mar chuid den idirphlé ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do 2020-2027, féachfar arís ar struchtúr agus feidhmiú ionstraimí maoinithe sheachtraigh AE, lena n-áirítear ENI. Sa chomhthéacs sin, an 18 Aibreán 2018, ghlac an Pharlaimint [tuarascáil ar chur chun feidhme ionstraimí maoinithe sheachtraigh AE](#), lena n-áirítear athbhreithniú meántearma 2017 agus an struchtúr amach anseo tar éis 2020. A mhéid a bhaineann le ENI, sa tuarascáil iarrtar níos mó solúbthachta, go mbainfí leas níos fearr as “tuilleann breis tuilleadh” agus as bealaí cur chuige bunaithe ar dhreasachtaí; iarrtar freisin comhar níos fearr idir cláir dhéthaobhacha agus cláir réigiúnacha.

An 14 Meitheamh 2018, d’fhoilsigh an Coimisiún [togra le haghaidh rialachán](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, um Fhorbairt agus um Chomhar Idirnáisiúnta (ICFCI). Leis an togra nua, táthar ag iarraidh struchtúr cistiúcháin ghníomhaíocht sheachtrach AE a éascú don chéad tréimhse CAI eile. Comh maith leis sin, comhtháthaítear roinnt ionstraimí airgeadais in NDICI nua, ENI san áireamh. [Ag an gcéad léamh](#), ghlac an Pharlaimint lena seasamh ar an togra sin an 27 Márta 2019, agus í ag iarraidh níos mó maoinithe, ról níos mó sa chinnteoireacht maidir le roghanna beartais tánaisteacha, agus d’iarr sí comh maith cúnamh a chur ar fionraí i gcás sárúithe ar chearta an duine.

## GNÉITHE RÉIGIÚNACHA

### A. Comhpháirtíocht an Oirthir

Cruthaíodh Comhpháirtíocht an Oirthir chun “uasghrádú” a dhéanamh ar chaidreamh an Aontais lena chomharsana san Oirthir: An Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin. Aontaíodh Comhpháirtíocht an Oirthir in 2008 agus tionscnaíodh é in 2009, agus cuidíonn sé le BCE.

#### 1. Cuspóirí

An phríomhspríoc atá ag Comhpháirtíocht an Oirthir is ea “dlús a chur leis an gcomhlachas polaitiúil agus comhthathú eacnamaíoch a dhoimhniú” idir an tAontas agus a chomharsana oirthearacha. Is léiriú é an leibhéal lánpháirtithe agus comhair ar ghealltanas gach tíre comhpháirtíochta do na luachanna, na caighdeáin agus na struchtúir, agus is léiriú é freisin ar a chuid foráis. Tá sé mar fheidhm ag Comhpháirtíocht an Oirthir daonlathas agus dea-rialachas a chur chun cinn, slándáil fuinnimh a neartú, athchóirithe earnalácha a spreagadh (cosaint an chomhshaoil san áireamh), teagmháil duine le duine a chothú, tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt



eacnamaíoch agus shóisialta agus maoiniú breise a thairiscint do thionscnaimh chun míchothromaíochtaí socheacnamaíocha a laghdú agus cobhsaíocht a ardú<sup>[2]</sup>.

## 2. Struchtúir

Eagraítear cruinnithe mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir gach dhá bhliain, le rannpháirtíocht an Aontais, Cinn stáit nó rialtais na dTíortha Comhpháirtíochta agus ionadaithe ón bParlaimint, ón gCoimisiún agus ó SEGS.

Ag an gcúigiú chruinniú mullaigh, a bhí ar siúl sa Bhruiséil an 24 Samhain 2017, bhreathnaigh na rannpháirtithe ar a bhfuil bainte amach le dhá bhliain anuas. Bhreathnaigh siad ar aghaidh chomh maith ar dhoiciméad inmheánach oibre comhpháirteach<sup>[3]</sup> a chur chun feidhme, lena moltar cur chuige níos díri chun torthaí a bhaint amach faoi gach ceann de na cheithre thosaíocht atá leagtha síos i Ráiteas Comhpháirteach Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir a bhí ar siúl in Ríge an 22 Bealtaine 2015:

- Forbairt eacnamaíoch agus deiseanna margaidh;
- Institiúidí agus an dea-rialachas a neartú;
- Nascacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an comhshaol agus an t-athrú aeráide;
- Soghluaisteacht agus teagmhálacha idir daoine.

Sa tréimhse roimh an gcruinniú mullaigh, soláthraíodh ionchur uailmhianach agus réamhbhreathnaitheach le moltaí na Parlaiminte maidir le Chomhpháirtíocht an Oirthir a glacadh an 15 Samhain 2017.

Is ar cheithre ardán théamacha atá conair iltaobhach Chomhpháirtíocht an Oirthir bunaithe: daonlathas, dea-rialachas agus cobhsaíocht; comhthathú eacnamaíoch agus cóineasú le beartais AE; slándáil fuinnimh; agus teagmháil idir daoine. Tagann oifigigh shinsearacha le chéile ar a laghad faoi dhó sa bhliain, agus tagann Airí gnóthaí eachtracha le chéile go bliantúil. Uaireanta cuirtear obair na n-ardán chun cinn trí chruinnithe aireachta atá earnáil-shonrach.

Seoladh tionscnaimh shuaitheanta agus cludaíonn siad: clár um bainistiú comhtháite teorainneacha; saoráid do FBManna; margaí leictreachais réigiúnacha; agus iarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, úsáid foinsí fuinnimh inathnuaite a ardú, dea-rialachas comhshaoil a chur chun cinn, agus tubaistí nadúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a chosc chomh maith le hullmhú agus freagairt dóibh.

Is é Tionól Parlaiminteach Euronest (PA)<sup>[4]</sup>, a bunaíodh in 2011, an chomhpháirt pharlaiminteach de Chomhpháirtíocht an Oirthir agus tá sé freagrach as an maoirseacht, as an gcomhairliúchán agus as an gcomhar. Príomhspríoc atá aige ná parlaimintí Chomhpháirtíocht an Oirthir agus Parlaimint na hEorpa a thabhairt le chéile agus teagmháil duine le duine a fheabhsú, rannpháirtíocht ghníomhach i sochaí shibhialta a chur chun cinn agus dul i ngleic go gníomhach le hidirphlé

---

[2]Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an roinn ar [Shuíomh Idirlíon SEGS](#) maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir.

[3]'Comhpháirtíocht an Oirthir — 20 sprioc insoláthartha do 2020: Lena ndírítear ar phríomhthosaíochtaí agus ar thorthaí nithiúla'.

[4]Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Euronest agus a chuid gníomhaíochtaí, féach ar [Suíomh gréasáin an Tionóil](#)



cultúrtha. Tá sé fréamhaithe i leasanna agus gealltanais fhrithpháirteacha agus i bprionsabal na difreála, i bprionsabal na comhúinéireachta agus i bprionsabal na freagrachta. Ról amháin atá aige ná grinnschrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugann AE do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus is féidir leis moltaí a thabhairt i dtaobh struchtúir idirinstiúideacha Chomhpháirtíocht an Oirthir chomh maith, d'fhonn lánpháirtíú eacnamaíoch agus polaitiúil na dtíortha sin a chothú leis an Aontas.

Reáchtáil an Tionól seacht ngnáthsheisiún go dtí seo, agus bhí an ceann is déanaí ar siúl ó 25 go 27 Meitheamh 2018, sa Bhruiséil. Tá sé comhdhéanta de 60 Feisire ó Pharlaimint na hEorpa, agus 10 gcomhalta ó Pharlaimint gach tíre comhpháirtíochta. Toisc nach dtugann Parlaimint na hEorpa aitheantas do Thionól Náisiúnta na Bealarúise mar instiúid atá tofa go daonlathach, níl aon Parlaiminteoirí Bealarúiseacha ina gcomhaltaí in Euronest faoi láthair, áfach. Tá ceithre bhuanchoiste ag Tionól Parlaiminteach Euronest, eadhon an Coiste um Ghnóthaí Polaitiúla, um Chearta an Duine agus um an Daonlathas, an Coiste um Lánpháirtíú Eacnamaíoch, um Chóineasú Dlí agus um Chomhfhogasú le Beartais AE, an Coiste um Shlándaíl Fuinnimh, agus an Coiste um Ghnóthaí Sóisialta, um Fhostaíocht, um Oideachas, um Chultúr agus um an tSochaí Sibhialta.

Sa bhreis air sin, déanann Fóram na Sochaí Sibhialta<sup>[5]</sup> i gComhpháirtíocht an Oirthir moltaí 'chun tionchar a imirt ar Instiúidí an Aontais agus ar rialtais náisiúnta Chomhpháirtíocht an Oirthir'.

## **B. An tAontas don Réigiún Meánmhuirí (ARM)**

Leis an Aontas don Réigiún Meánmhuirí (ARM), áirítear 28 mBallstát an Aontais, an tAontas Eorpach agus 15 thír Meánmhara (an Albáin, an Ailgéir, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Mháratáin, Monacó, Montainéagró, Maracó, an Phalastín, an tSiria (atá ar fionraí faoi láthair mar gheall ar an gcogadh cathartha), an Túineis agus an Tuirc.) Ghlac Léig na stát Arabach páirt i ngach cruinniú ó 2008 agus tá stádas breathnóra ag an Libia.

### **1. Cuspóirí**

Is é atá i gceist le ARM ná creat iltaobhach le haghaidh an chaidrimh pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta idir an tAontas Eorpach agus na tíortha i ndeisceart agus in oirthear na Meánmhara. Cuireadh tús leis in 2008 ag [Cruinniú Mullaigh Pháras](#) mar chuid bhreise den Chomhpháirtíocht Eora-Mheánmhara (Euromed), ar a dtugtar Próiseas Barcelona chomh maith. Tá ARM bunaithe ar spriocanna a leagadh síos i nDearbhú Barcelona (1995), chun limistéar síochána, cobhsaíochta agus slándála a bhfuil rathúnas comhroinnte eacnamaíoch ann a chruthú, le lánuraim do phrionsabail dhaonlathacha, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, agus ag an am céanna tuiscint idir cultúir agus sibhialtacha a chur chun cinn sa réigiún Eora-Mheánmhara.

### **2. Struchtúir**

Is comhuachtaránacht a dhéanann cathaoirleacht ar ARM, lena soiléirítear comhúinéireacht an ghrúpa atá mar bhuntréith atá aige. Ó 2012, tá an comhuachtaránacht don tuaisceart glactha ag an Aontas Eorpach agus tá

---

[5]Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Fhóram na Sochaí Sibhialta, féach [Suíomh CSF](#)



comhuachtaránacht an deiscirt glactha ag an Iardáin. Is é Cruinniú na nOifigeach Sinsearach príomhchomhlacht rialaithe ARM, agus is é a dhéanann formhaoirseacht agus comhordú ar obair ARM. Is é Cruinniú na nOifigeach Sinsearach a dhéanann buiséad agus clár oibre na Rúnaíochta a fhorghnas, is é a eagraíonn cruinnithe na nAirí gnóthaí eachtracha agus cruinnithe aireachtaí eile, agus is é a cheapann an tArd-Rúnaí agus an seisear Leas-Ardúnaithe. Pléann an Cruinniú freisin na tograí tionscadail atá curtha faoina bhráid ag an Rúnaíocht lena nglacadh agus lena bhformhuiniú. Is éard atá i gceist le ról rúnaíochta ARM ná, thar aon rud eile, tionscadail theicniúla a shainaithint, a phróiseáil, a chur chun cinn agus a chomhordú in earnálacha amhail iompar, fuinneamh, uisce, cosaint an chomhshaoil, ardoideachas agus soghluaisteacht, taighde, gnóthaí sóisialta, cumhachtú na mban, forbairt gnó agus fostaíochta, lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar agus tá éifeacht díreach aige sin ar chaighdeán maireachtála na saoránach. Is é an tAontas an rannchuiditheoir is mó le buiséad Rúnaíocht ARM.

Cuireann Tionól Parlaiminteach ARM le hobair an Tionóil Pharlaimintigh Eora-Mheánmhara agus tá sé comhdhéanta de 280 comhalta: 132 comhalta AE (83 comhalta ó na 28 bparlaimint náisiúnta in AE agus 49 comhalta ó Parlaimint na hEorpa), ochtar comhaltaí ó thíortha comhpháirtíochta Eorpacha na Meánmhara (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Monacó agus Montainéagró), 130 comhalta ó na 10 dtír ar chósta theas agus thoir na Meánmhara (an Ailgéir, an Éigipt, an Iardáin, Iosrael, an Liobáin, Maracó, an Phalaistín, an tSiria (ar fionraí faoi láthair), an Túineis agus an Tuirc), agus 10 gcomhalta ón Máratáin.

Cuireann Tionól Parlaiminteach ARM ar a laghad seisiún iomlánach amháin ar siúl in aghaidh na bliana; bhí an ceann is déanaí ar siúl in Strasbourg an 13 agus an 14 Feabhra 2019. Glacann sé rúin nó moltaí ar gach gné den chomhar Euro-Mheánmhara a bhfuil baint acu le brainsí feidhmiúcháin ARM, Comhairle an Aontais Eorpaigh, An Coimisiún Eorpach agus rialtais náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta. Bhí uachtaránacht uainíochta ARM ag Parlaimint na hEorpa in 2018-2019, sular thug siad ar lámh í do Mhórtionól Náisiúnta na Tuirce ag an suí iomlánach deireanach in Strasbourg. Tá cúig choiste ag an Tionól: an Coiste um Ghnóthaí Polaitiúla, an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta, an Coiste um Chultúr, an Coiste um Chearta na mBan agus an Coiste um Fhuinneamh.

María Álvarez López / Mario Damen  
04/2019

